



Intreoir



Department of
Education

www.deni.gov.uk

AN ROINN

Oideachais

MÁNNYSTRIE O

Lear

INTREOIR

Tá méadú mór tagtha le blianta beaga anuas ar líon na bpáistí agus na ndaoine óga atá aitheanta ag scoileanna sainriachtanais oideachais (SO) a bheith acu. 65,000 duine nó 19.7% den daonra scoile atá i gceist. Tá ráitis i dtaca le sainriachtanais oideachais déanta i leith 13,900 duine (4.2% den líon iomlán atá ar scoil), agus tá an chuid is mó acu sin ag fáil a gcuid oideachais i scoileanna príomhshrutha.

Meastar go mbíonn constaic roimh an fhoghlaím ag 25% de pháistí agus daoine óga i dtráth éigin le linn a gcuid scolaíochta. Is féidir, mar sin de, go mbeidh ar mhúinteoir i scoil phríomhshrutha plé le héagsúlacht de riachtanais foghlama i measc na ndaltaí in aon rang amháin. Is minic a bhíonn na riachtanais seo casta mar thoradh ar na fachtóirí sóisialta, mothúchánacha, síceolaíocha agus bitheolaíocha a bhíonn i gceist. Bíonn dúshlán roimh an mhúinteoir na páistí agus na daoine óga a spreagadh le suim a chur sa churaclam, dul i mbun foghlama agus dul chun cinn a dhéanamh.

Tá soláthar den scoth faoi choinne páistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu forbartha ag cuid mhaith scoileanna. Tá an comhad seo áiseanna curtha le chéile agus é mar aidhm leis eolas a chraobhscaoileadh faoi chleachtais éifeachtacha agus a chur ar chumas gach scoile freastal go héifeachtach ar pháistí agus ar dhaoine óga a bhfuil sainriachtanais oideachais acu de réir na gceangal agus na ndualgas atá ar scoileanna faoi láthair sa chreat reatha reachtaíochta: go príomha an tOrd Oideachais agus Leabharlann (TÉ) 1986, an tOrd Sainriachtanas Oideachais agus an tOrd Míchumais (TÉ) 2005, an Cód Cleachtais (RO 1998) agus an Forlíonadh leis an Chód Cleachtais (RO 2005). Chomh maith le craobhscaoileadh an eolais, beidh na háiseanna ina gcuidiú ag an lucht saothair má thagann athruithe ar pholasaithe i bhfeidhm sa todhchaí mar gheall ar an athbhreithniú ar shainriachtanais oideachais agus cuimsiú.

Is í an aidhm uileghabhálach atá ann acmhainneacht scoileanna a mhéadú le hidirghabhálacha fóirsteanacha, éifeachtacha a fhorbairt le freastal ar riachtanais chomh luath géar agus is féidir. Maidir le cuimsiú, éilíonn sé ar lucht saothair na scoileanna a aithint go bhfuil na scoileanna acu le gnóthachtáil

oideachais gach páiste a fheabhsú, nó go bhfuil an mianach iontu na scileanna seo a fheabhsú.

Tá sé ráite in Gach Scoil ina Scoil Mhaith: Beartas um Feabhsú Scoileanna (RO 2009) gur chóir do scoileanna agus do mhúinteoirí a gcuid riachtanas oiliúna agus tacaíochta féin a aithint trí fhéinmheasúnú. Samhlaítear go n-éireoidh sé níos coitianta múinteoirí a gcinneadh a dhéanamh faoi threo a bhforbartha gairmiúla féin. Chuige sin, beidh eolas agus acmhainní de dhíth orthu.

Tá cuid mhór treoirlínte agus comhairle úsáideach do mhúinteoirí páistí agus daoine óga a bhfuil sainriachtanais oideachais acu eisthe le deich mbliana anuas ag an Roinn Oideachais (RO), na Boird Oideachais agus Leabharlann (BOLanna), na hinstitiúidí múinteoireachta, grúpaí oibre trasteorann agus eile. Tá cumais ghairmiúla do mhúinteoirí foilsithe ag Comhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart Éireann – An Mhúinteoireacht: an Ghairm Mhachnamhach. Tá 27 cumas múinteora rangaithe sa cháipéis ina dtrí réimse leathana, ina measc 'Luachanna agus Cleachtas Gairmiúil' agus 'Eolas agus Tuiscint Ghairmiúil'. Tá sainriachtanais speisialta fite fuaite sna cumais. Is é is aidhm leis an chomhad seo áiseanna cur leis na háiseanna atá ann cheana féin trí straitéisí praiticiúla, éifeachtacha agus iad a chur i láthair in aon áit amháin le go mbeidh teacht ag múinteoirí agus ag foirne tacaíochta orthu go furasta.

Ba mheithleacha oibre ar a raibh, príomhoidí, múinteoirí, léachtóirí agus oideachasóirí eile a chuir an comhad seo áiseanna le chéile. Chuir siad a sainscileanna agus taithí i bhfeidhm le linn na hoibre seo. D'aimsigh siad straitéisí úsáideacha, éifeachtacha agus mhúnlaigh siad iad le creat coitianta a dhéanamh a dtig le múinteoirí agus foirne tacaíochta úsáid a bhaint as. Táthar ag súil gur féidir na háiseanna agus na scileanna a gcuireann na háiseanna áirithe seo leo a chur i bhfeidhm le tacú le páistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu agus le páistí a bhfuil constaicí le sárú acu ar bhealach na foghlama. Caithfidh gné an fhéinmheasúnaithe a bheith le sonrú i ngach scoil mar is é an féinmheasúnú príomhbhunús an tsoláthair éifeachtaigh.

Tá táscairí SO sa chomhad áiseanna agus tá siad mar threoir do phleanáil ranga agus scoile. Is caighdeán iad fosta ar féidir soláthar éifeachtach a fhéinmheasúnú dá réir. Tá na táscairí bunaithe ar na cáipéisí Le Chéile i dTreo

Feabhsaithe (*Together Towards Improvement - TTI*), agus is féidir úsáid a bhaint astu le cur le planáil SO ar bhonn uilescoile.

Is féidir teacht ar na cáipéisí TTI a bhaineann le gach earnáil ar leith ar <http://www.etini.gov>.

Is féidir le gach scoil ar leith uk/index/together-towards-improvement.htm a chur in oiriúint le freastal ar a riachtanais shonracha féin trí úsáid a bhaint as formáid Word. Is féidir úsáid a bhaint as na táscairí SO in éineacht le huirlisí eile féinmheasúnaithe, ina n-aonar maidir le codanna ar leith den chleachtas SO, nó le hiniúchadh uilescoile a dhéanamh ar chleachtais SO, rud a bheadh mar bhunús le plan gníomhaíochta i dtaca le feabhsú.

Tá eolas agus naisc sa chomhad áiseanna a bhaineann le réimse de dheiseanna forbartha gairmiúla a chuideoidh le múinteoirí cur lena gcuid scileanna:

- trí úsáid a bhaint as na codanna sin den chomhad áiseanna atá úsáideach dóibh;
- trí úsáid a bhaint as an chomhad áiseanna faoi choinne forbairt ghairmiúil grúpaí foirne ag cruinnithe uilescoile nó ag cruinnithe cnuasghrúpa;
- trí fhoghlaim ar líne a aimsiú ó réimse leathan d'fhoinsí a chlúdaíonn gach gné de sholáthar SO; agus
- trí eolas ar ábhar breise léitheoireachta agus DVDanna a fháil.

Obair idir lámha atá sa chomhad áiseanna; táimid de shíor ag cur lenár gcuid eolais agus saineolais ar bheith ag múineadh páistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu, agus tá sé de rún againn cur leis an chomhad trí chodanna eile a fhoilsiú trí EQUELLA; cuirfear scoileanna ar an eolas faoi ábhar nua agus beidh siad in ann iad a íoslódáil agus a chur isteach sa chomhad.

Is mian leis an Roinn Oideachais buíochas a ghabháil leis na foirne scríbhneoireachta tógála acmhainneachta a raibh daoine as scoileanna éagsúla

páirteach iontu, leis na hinstitiúidí oiliúna múinteoirí agus leis na BOLanna a thug go fial flaithiúil dá gcuid ama agus saineolais leis an áis seo a chur le chéile. Tá an Roinn buíoch fosta den fhoireann Straitéise Náisiúnta sa Roinn Oideachais (an Roinn Páistí, Scoileanna agus Teaghlach roimhe seo) as a cuid comhairle agus as cead a thabhairt eolas ar a n-ábhar forbartha gairmiúla a chur isteach. Tá buíochas ag dul chomh maith don Roinn Oideachais agus Scileanna as cead a thabhairt úsáid a bhaint as ábhar ó 'Signposts' agus don Chigireacht Oideachais agus Oiliúna as cur leis an ábhar. Táimid iontach buíoch de Chomhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart Éireann as an chomhairle agus tacaíocht a thug siad i dtaca leis na modúil oiliúna. Gabhaimid buíochas ar leith lenár gcomhghleacaithe in C2k as an saineolas agus fis a chuir siad le gnéithe leictreonacha den togra, gnéithe atá mar chuid lárnach de phleanáil agus próiseas an ábhair tógála acmhainneachta do phríomhoidí, múinteoirí agus foirne scoile.

Márta 2014